

Ag Tabhairt faoi Easnamh/Coinníoll i Stair agus Struchtúr Chóras Oideachais na hÉireann

1. Cúlra

Cruthaítear córais oideachais de bharr an tionchar stairiúil a bhíonn ag an bpolaitíocht, cultúr, reiligiún, fórsaí eacnamaíocha agus sóisialta na sochaí. Nuair a thosaíonn duine ar phost teagaisc tá sé inmhianaithe ó thaobh na gairmiúlachta de go mbeidh tuiscint bhunúsach aige/aici de nádúr an chórais sin agus de na tionchair, a chruthaigh é.

Tá stair agus struchtúr chóras oideachais na hÉireann mar chuid den staidéar a dhéantar i mBunús an Oideachais laistigh de na cláir iarbhunscoile oideachas tosaigh múinteoirí (OTM) uile a ndearna an Chomhairle Mhúinteoireachta creidiúnú orthu.

Ós rud é gur riachtanas é do mhic léinn atá ar chlár chreidiúnaithe na Comhairle, measann an Chomhairle gur gá d'iaratasóirí um chlárú a chríochnaigh a staidéar OTM lasmuigh den Stát eolas agus tuiscint a fháil ar an ábhar. Is iad na príomhghnéithe a lorgaítear ná tuiscint a fháil ar an gcuraclam agus ar an mbainistíocht, riarachán an chórais iarbhunscoile i gcomhthéacs na dtraidisiún agus na mbeartas. Chun na hiarratasóirí a éascú leag an Chomhairle Triail Inniúlachta amach agus tá treoirlínte curtha ar fáil maidir leis seo, agus ní gá freastal ar chúrsa in institiúid tríú leibhéal.

2. Triail Inniúlachta a chur i gcrích

Eagraíonn an Chomhairle Mhúinteoireachta Triail Inniúlachta scríofa dhá uair sa bhliain. Is é atá i gceist ná páipéar scrúdaithe scríofa a mhaireann dhá uair an chloig. Caithfidh na hiarratasóirí dhá cheist a fhreagairt, ceann amháin ar struchtúr, rialú agus bainistíocht an oideachais dara leibhéal in Éirinn; agus ceann eile ar na saincheisteanna a bhaineann leis an gcuraclam agus measúnú ag an dara leibhéal in Éirinn.

Leis an Triail tá sé i gceist measúnú a dhéanamh cibé an bhfuil eolas agus tuiscint ag na hiarratasóirí ar stair agus struchtúr cúrsaí oideachais i bPoblacht na hÉireann, go háirithe san oideachas dara leibhéal, ó bunaíodh an Stát in 1922. Ba chóir go mbeadh tuiscint ag na hiarratasóirí ar na príomh-shaincheisteanna a bhaineann le rialú agus bainistíocht na scoileanna dara leibhéal agus ar an gcuraclam agus measúnú ag an dara leibhéal.

Tá samplaí de na cineálacha ceisteanna a thioctaidh aníos ar an bpáipéar trialach scríofa in éineacht le liosta léitheoireachta molta tugtha ag 4 thíos. Ní liosta iomlán é an liosta léitheoireachta molta; tá leabhair agus ailt eile a bhaineann leis an tréimhse (1922 go dtí anois), a bheadh ina gcabhair freisin. Tá roinnt díobh seo le haimsiú sna leabharliostaí ag cúl na leabhar ar an liosta léitheoireachta molta. Moltar do na hiarratasóirí freisin na foilseacháin is déanaí den Roinn Oideachais agus Scileanna, den Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta, agus irisleabhair cheardchumainn na múinteoirí ar nós Nuacht Chumann na Meánmhúinteoirí, Éire agus Aontas Múinteoirí Éireann le haghaidh eolais suas chun dáta ar an gcuraclam, measúnú agus forbairtí eile.

3. Tréimhse Oiriúnúcháin a Chur i gCrích

Tugtar an deis d'iarratasóirí um chlárú a cuireadh san áireamh faoi na téarmaí den Treoir AE 2005/36/CE tabhairt faoin gcoinníoll/easnamh i Stair agus Struchtúr Chóras Oideachais na hÉireann trí Thréimhse Oiriúnúcháin a chur i gcrích. Is féidir leo é seo a dhéanamh trí fhreastal ar chúrsaí oiriúnach i Stair agus Struchtúr Chúrsaí Oideachais na hÉireann in Institiúid Ardoideachais (HEI) de chuid na Roinne Oideachais, a chuireann clár iarbhunscoile creidiúnaithe oideachas tosaigh múinteoirí de chuid na Comhairle Múinteoireachta ar fáil. Is é is dóchá níos mó ná go mbeidh ar a leithéid iarratasóirí clárú mar mhac léinn ócáideach agus an clárú iomchuí agus táillí cúrsa a íoc.

4. Struchtúr an Pháipéir Trialach

Tá dhá chuid ar an bpáipéar: Roinn A agus Roinn B. Tá dhá cheist i ngach roinn agus iarrtar ar na hiarrthóirí ceist amháin a fhreagairt as Roinn A agus ceist amháin a fhreagairt as Roinn B. Clúdaíonn an páipéar curaclam agus bainistíocht/riarachán an chórais iarbhunscoile i gcomhthéacs na dtraidisiún agus na mbeartas ó 1922 go dtí an lá atá inniu ann.

Roinn A

Clúdaíonn Roinn A a leithéid ábhar ar nós rialachas scoile, pátrúnacht, athchóirithe struchtúrtha, breithmheas ar an gcóras, ceapadh beartas agus cur i bhfeidhm.

Is iad seo a leanas samplaí de na cineálacha ceisteanna a thiocfaidh aníos sa roinn seo:

- 1) Tá an tsaincheist maidir le rialachas agus bainistíocht na meánscoileanna tar éis teacht chun cinn mar cheann de na saincheisteanna níos conspóidí sa díospóireachtaí faoi chúrsaí oideachais i bPoblacht na hÉireann le blianta beaga anuas. Ag cur san áireamh an comhthéacs stairiúil, déan plé ar an gcrúchán atá i ndán (a) d'úinéirí na scoileanna agus (b) don lucht déanta beartas oideachais náisiúnta maidir leis an saincheist seo.

Nó

- 2) Áitítear go bhfuil beagán d'athrú tar éis teacht ar rialú agus bainistíocht na meánscoileanna ón naoú haois déag. Déan plé ar an áitiú seo i bhfianaise na díospóireachta a bhí ann le déanaí maidir le rialachas scoileanna.

Nó

- 3) Le fiche a cúig bliana anuas tá forbairt shuntasach tar éis teacht ar ról na nEaglaisí i gcúrsaí oideachais in Éirinn. Déan plé ar an bhforbairt seo agus cuir na 1930idí/40idí i gcodarsnacht leis na 1980idí/90idí.

Nó

- 4) Ó go luath sna 1990idí tá próiseas um leasú reachtaíochta agus beartas suntasach ar siúl laistigh de réimse oideachais na hÉireann. Roghnaigh agus ainmnigh doiciméad beartais (polasaí) nó Acht reachtaíochta amháin a cheapann tú atá ríthábhachtach. Déan achoimre ar na príomhshonraí an doiciméid seo agus luaigh an tábhacht a bhaineann leis agus an t-ionchur a bhí aige le hathruithe a chur i bhfeidhm go rathúil laistigh de chúrsaí oideachais i gcoitinne.

Liosta Léitheoireachta Áirithe do Roinn A

(A) Téacsanna Ginearálta

Coolahan, J. (1981/2000) **Irish Education: History and Structure** (Baile Átha Cliath: An Foras Riaracháin) ar fáil ar

http://books.google.ie/books/about/Irish_Education.html?id=E5drXAMpBDwC

Glendenning, D. 'Recent developments in education in Ireland' in **European Journal for Education Law and Policy** (2), 1 79-83 ar fáil ar

<http://www.springerlink.com/content/v01m52167q88w861/>

Hyland, A. & Milne, K. (Eds) (1992) **Irish Educational Documents, Vol. 2.** (Baile Átha Cliath: Coláiste Oideachais Eaglais na hÉireann). Ar fáil freisin ar

http://books.google.ie/books/about/Irish_educational_documents.html?id=8yNl5UCocFIC&redir_esc=y.

Titley, Brian E. (1983) **Church, State and the Control of Schooling in Ireland, 1900-1944** (Béal Feirste: Cló Ollscoil na Banríona) ar fáil ar

http://books.google.ie/books/about/Church_State_and_the_Control_of_Schoolin.html?id=Vipviw58PAUC&redir_esc=y

O'Buachalla, S. 'Church and State in Irish Education in this Century' in **European Journal of Education** 20 (4) 1985 ar fáil ar <http://www.istor.org/stable/1503339>

O'Donoghue, T. A. (1998) 'Catholicism and the Curriculum: The Irish Secondary School Experience, 1922-62' in **Historical Studies in Education** Iml. 10, Uimhreacha (1-2) 140-158 ar fáil ar <http://www.edu.uwo.ca/hse/98odonoghue.html>

O'Reilly, B. (2012) 'Education Policy in Ireland since the 1940s' in **Italian Journal of Sociology of Education** (1)

ar fáil ar: <http://www.ijse.eu/index.php/ijse/article/viewFile/136/138>

O'Sullivan, D. (2005) **Cultural Politics and Irish Education since the 1950s: Policy, Paradigms and Power** (Baile Átha Cliath: 2005) ar fáil ar

<http://books.google.ie/books?id=3s3irHBdXSwC&pg=PR15&lpg=PR15&dq=false#v=onepage&q=false&f=false>

Walsh, J. (1999) **A New Partnership in Education: from Consultation to Legislation in the Nineties** (Baile Átha Cliath: An Foras Riaracháin) ar fáil ar:

http://books.google.ie/books/about/A_new_partnership_in_education.html?id=K m8S5OITqnsC&redir_esc=y

(B) Reachtaíocht agus Beartais Náisiúnta Oideachais Áirithe

Rialtas na hÉireann (1992) **Oideachas don Domhan atá ag Athrú: Páipéar Glas ar Oideachas** (Baile Átha Cliath: Oifig Foilseacháin an Rialtais) ar fáil ar:

http://www.cpa.ie/publications/EducationForAChangingWorld_1992.pdf

Rialtas na hÉireann (1994) **Tuarascáil ar an gCoinbhinsiún Náisiúnta Oideachais** (Baile Átha Cliath: Oifig Foilseacháin an Rialtais).

Rialtas na hÉireann (1992) **Ag Pleanáil ár dTodhchaí i gCúrsaí Oideachais: Páipéar Bán ar Oideachas** (Baile Átha Cliath: Oifig Foilseacháin an Rialtais) ar fáil ar: www.education.ie/servlet/blobervlet/dept_education_wp.doc

Rialtas na hÉireann (1998) **An tAcht Oideachais** (Baile Átha Cliath: Oifig Foilseacháin an Rialtais) ar fáil ar: www.irishstatutebook.ie

Rialtas na hÉireann (2000) **An tAcht Oideachais (Leas)** (Baile Átha Cliath: Oifig Foilseacháin an Rialtais) ar fáil ar: www.education.ie/servlet/blobervlet/act_22_2000.pdf

Rialtas na hÉireann (2001) **An tAcht um Chomhairle Mhúinteoireachta** (Baile Átha Cliath: Oifig Foilseacháin an Rialtais) ar fáil ar: www.irishstatutebook.ie

Rialtas na hÉireann (2004) **An tAcht um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu** (Baile Átha Cliath: Oifig Foilseacháin an Rialtais) ar fáil ar: www.oireachtas.ie

(C) Tuarascálacha ECFE áirithe

Ar shuíomh gréasáin an ECFE (<http://www.oecd.org>) tá líon suntasach de thuarascálacha oideachais cúlra de thíortha éagsúla, an tuarascáil oideachais bhliantúil, **Education at a Glance** san áireamh, atá ar fáil le hamharc orthu agus le híoslódáil.

Roinn B

Clúdaíonn Roinn B den pháipéar ábhair a bhaineann leis an gcuraclam agus measúnú. Is iad seo a leanas samplaí de na cineálacha ceisteanna a thiocfaidh aníos sa roinn seo:

- 1) Déanann roinnt cáinteoirí de churaclam reatha na scoileanna dara leibhéal an argóint gur tharla beagán d'athrú ar an gcuraclam ó bunaíodh an Stát in 1922. An aontaíonn tú leis na cáinteoirí seo? Tabhairt cúiseanna le do fhreagra.

Nó

- 2) Conas a d'fhreagrófa don ráiteas go bhfuil ról rócheannasach ag scrúduithe san oideachas dara leibhéal in Éirinn? Cad iad na gnéithe stairiúla a d'fhéadfadh tionchar a bheith acu ar an scéal seo?

Nó

- 3) Déan plé ar ábhar agus nádúr na n-athruithe curaclaim a tugadh isteach don oideachas iarbhunscoile sa tréimhse ó 1966 go 1973 **NÓ** sa tréimhse ó 1922 go 2002.

Nó

- 4) In **I dTreo Creata don tSraith Shóisearach** (CNCM: 2011) leagtar amach sraith athruithe maidir le measúnú ag leibhéal na Sraithe Sóisearaí. Déan achoimre ar na socruithe nua seo agus déan léirmheas orthu i dtaca le ceann amháin nó níos mó de d'ábhair teagaisc.

Liosta Léitheoireachta Áirithe do Roinn B

(A) Téacsanna Ginearálta

Coolahan, J. (1981/2000) **Irish Education: History and Structure** (Baile Átha Cliath: An Foras Riaracháin) ar fáil ar

http://books.google.ie/books/about/Irish_Education.html?id=E5drXAMpBDwC

Gleeson, J. (2010) **Curriculum in Context: Praxis, Partnership and Power** (Oxford: Peter Lang) ar fáil ar

http://books.google.ie/books?id=5AJAaH_W3LIC&pg=PA257&lpg=PA257&dq=Curriculum+in+Context:+Praxis,+Partnership+and+Power+free&source=bl&ots=HDnBcualQ&sig=RCxQFD6BIEEbuPggSaornAtFXOE&hl=en&sa=X&ei=ePaeUtnCGJD B7Ab214CQCw&ved=0CEUQ6AEwAw#v=onepage&q=Curriculum%20in%20Context%3A%20Praxis%2C%20Partnership%20and%20Power%20free&f=false

Gleeson, J. (2000) 'Sectoral Interest Versus the Common Good? Legitimation, Fragmentation and Contestation in Irish Post-Primary Curriculum Policy and Practice' in **Irish Educational Studies**, Iml.19, 16-34 ar fáil ar

<http://www.tandfonline.com/doi/abs/10.1080/0332331000190105#.Up7oINJdWSo>

An Roinn Oideachais agus Eolaíochta (2004) **A Brief Description of the Irish Education System** (Baile Átha Cliath: Aonad Cumarsáide) ar fáil ar

<http://www.education.ie/en/Publications/Education-Reports/A-Brief-Description-of-the-Irish-Education-System.pdf>

Mulcahy, D.G. **Curriculum and Policy in Irish Post Primary Education** (Baile Átha Cliath: An Foras Riaracháin).

O'Donoghue, T. A. (1998) 'Catholicism and the Curriculum: The Irish Secondary School Experience, 1922-62' in **Historical Studies in Education** Iml. 10, Uimhreacha (1-2) 140-158 ar fáil ar <http://www.edu.uwo.ca/hse/98odonoghue.html>

O'Reilly, B. (2012) 'Education Policy in Ireland since the 1940s' in **Italian Journal of Sociology of Education** (1)

ar fáil ar: <http://www.ijse.eu/index.php/ijse/article/viewFile/136/138>

(B) An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta

Tá na curaclaim, siollabais, treoirínte agus creatlacha náisiúnta reatha uile do scoileanna agus do shuíomhanna oideachais le fáil ar shuíomh gréasáin an CNCM (www.ncca.ie). Tá sonraí le fáil anseo freisin maidir leis na forbairtí reatha sa churaclam agus sa mheasúnú sa luath-óige, bunscoil, sraith shóisearach agus sraith shinsearach.

5. Breac-chuntas ar an Scéim Mharcála leis an Triail Inniúlachta a Cheartú

Grádú — Sásúil nó Míshásúil

Prionsabail Ghinearálta

Is freagra sásúil é:

- a) Nuair atá an t-eolas fíorasach cruinn
- b) Nuair atá an chiall go réasúnta soiléir
- c) Nuair a chuirtear comhthéacs cúlra áirithe ar fáil leis an bhfreagra a chur le chéile
- d) Nuair a léiríonn an t-iarrthóir go dtuigeann sé/ sí na saincheisteanna a phléitear laistigh dá gcomhthéacs
- e) Nuair a dhéantar naisc áirithe idir an staid stairiúil agus an staid reatha.

Cur i Láthair

Nuair a chuirtear an freagra i láthair, beifear ag súil ón iarrthóir:

- a) Go gcuirfidh sé/ sí réamhrá ábhartha ar fáil
- b) Go gcuirfidh sé/ sí ord cruinn imeachtaí i láthair
- c) Go gcuirfidh sé/ sí an t-eolas, míniú agus/nó ráiteas cuí ar fáil a léiríonn go dtuigeann sé/ sí an tsaincheist/ na saincheisteanna.

Ní gá go mbeadh grád “míshásúil” i gceist mar gheall ar ráitis nach mbaineann le hábhar, nach bhfuil tábhachtach ná contráilte. D’fhéadfaí neamhaird a dhéanamh de ráitis den tsórt sin agus grád “sásúil” a thabhairt ar an gcoinníoll go gcomhlíontar na prionsabail ghinearálta atá leagtha amach thuas.

Tabhair faoi deara le do thoil go bhfuil an rogha agat an scrúdú a dhéanamh as Gaeilge nó as Béarla.

Páipear Scrúdaithe – 23 Aibreán 2016

Fad ama na trialach: 2 uair an chloig

Caithfidh na hiarrthóirí DHÁ cheist a fhreagairt. Ceist amháin as Roinn A agus ceist amháin as Roinn B (páipear dhá uair an chloig)

Roinn A – Freagair ceist (1) nó ceist (2)

- (1) Déan léirmheas ar an méid ina gcreideann tú go bhfuil córas iarbhunscoile na hÉireann tar éis éirí níos tuata ó bunaíodh an stat in 1922. Ba chóir duit na pointí a dhéanann tú a léiriú le sampla(i) ábhartha agus nithiúil/nithiúla.

NÓ

- (2) Déan plé ar na príomheasnaimh sa chóras iarbhunscoile mar atá léirithe sa tuarascáil **Infheistíocht san Oideachas** (1966) agus déan léirmheas ar an méid inar réitigh na tionscnaimh polasaí na heasnaimh seo.

Roinn B – Freagair ceist (1) nó ceist (2)

- (1) Leag amach go grinn agus déan léirmheas ar na mórleasuithe measúnaithe éagsúla a rinneadh sa tsraith Shóisearach agus sa tsraith Shinsearach ó 1924 go dtí an lá atá inniu ann. Ba chóir duit do fhreagra a thabhairt i gcomhthéacs leibhéil náisiúnta i gcoitinne agus más mian leat i gcomhthéacs leibhéil do chuid ábha(i)r féin.

NÓ

- (2) Sainaithin agus déan léirmheas ar an leasú curaclaim is tábhachtaí dar leat i gcóras iarbhunscoile na hÉireann ó 1922 go dtí an lá atá inniu ann.

I do fhreagra ba chóir duit:

(a) Cás soiléir a dhéanamh maidir le do rogha.

(b) Léirmheas a dhéanamh ar na forbairtí suntasacha dá éis (a bhí beartaithe nó taobh amuigh de sin) a tharla tar éis an leasú a thabhairt isteach. Ba chóir duit do fhreagra a thabhairt i gcomhthéacs leibhéil náisiúnta i gcoitinne agus más mian leat i gcomhthéacs leibhéil do chuid ábha(i)r féin.

Páipéar Scrúdaithe – 19 Samhain 2016

Fad ama na trialach: 2 uair an chloig

Caithfidh na hiarrthóirí DHÁ cheist a fhreagairt. Ceist amháin as Roinn A agus ceist amháin as Roinn B (páipéar dhá uair an chloig)

Roinn A – Freagair ceist (1) nó (2)

(1) I gcaitheamh an chuid is mó den tréimhse ó baineadh neamhspleáchas amach, gné ar leith den pholasaí oideachais in Éirinn ba ea an drogall atá ar an stát déileáil le suíomh seanbhunaithe na heaglaise ... Tá sí [an Eaglais Chaitliceach Rómhánach] tar éis smacht níos forleithne a bhaint amach di féin ar chúrsaí oideachais in Éirinn... (Whyte 1971: 21)

Tá dhá chuid leis an gceist seo:

a. Déan léirmheas ar cé chomh cruinn agus atá an ráiteas seo agus déan tagairt don ról a bhí ag an Eaglais Chaitliceach Rómhánach i gcúrsaí oideachais na hÉireann sa chaoga bliain ó 1921 go 1971.

Agus

b. Déan trácht go hachomair ar an ról atá ag an Eaglais Chaitliceach Rómhánach atá ag athrú i gcúrsaí oideachais na hÉireann ó 1971 go dtí an lá atá inniu ann.

Nó

(2) Ó go luath sna 1990idí tá próiseas um leasú reachtaíochta agus beartas suntasach ar siúl laistigh de réimse oideachais na hÉireann. Roghnaigh agus ainmnigh doiciméad beartais (polasaí) nó Acht reachtaíochta amháin a cheapann tú atá ríthábhachtach. Déan achoimre ar na príomhshonraí an doiciméid seo agus luaigh an tábhacht a bhaineann leis agus an t-ionchur a bhí aige le hathruithe a chur i bhfeidhm go rathúil laistigh de chúrsaí oideachais i gcoitinne.

Roinn B – Freagair (1) nó (2)

(1) Ar an 29 Deireadh Fómhair 1981 dúirt an tAire Oideachas, John Boland, é seo a leanas:

Déanfar athchóiriú ar an gCóras Scrúdaithe atá ann faoi láthair leis an mbrú a laghdú a bhíonn ar scoláirí de bharr an Scrúdaithe Ardteistiméireachta. Tá an córas pointí atá ann faoi láthair le háit a bhaint amach in ollscoil ag cur an oideachais dara leibhéal as a riocht, cé go bhfuil sé cóir agus neamhchlaonta, agus tá éifeacht dhiúltach oideachasúil aige ar churaclaim na scoile dá bharr.

Díospóireacht Sheanad Éireann *Imleabhar 96 Uimh.5*

Cé mhéad a baineadh amach nuair a rinneadh athchóiriú ar Scrúdú na hArdteistiméireachta? Ba chóir duit na buntáistí agus na míbhuntáistí, dar leat, a bhaineann leis an gcóras reatha maidir le measúnú ag leibhéal na hArdteistiméireachta a leagan amach i do fhreagra. Más mian leat is féidir leat díriú ar cheann amháin nó dhá cheann de d'ábhair teagaisc féin.

Nó

(2) Pléigh cé mhéad d'athrú suntasach a bhí sa churaclam iarbhunscoile in Éirinn ó bunaíodh Stát na hÉireann 1922. Más mian leat is féidir leat díriú ar cheann amháin nó dhá cheann de d'ábhair teagaisc féin.